"Paróiste idir dhá abhainn"

Leibhéal: Tá na gníomhaíochtaí seo oiriúnach do mheánrang ard nó d'ardrang. Tá sé níos fearr iad a dhéanamh ag tús cúrsa. **Am:** Uair go leith.

Plean Ceachta don Mhúinteoir

Cuspóirí:

An méid seo a dhéanamh sa rang:

- alt faoi chúlra a léamh agus na foghlaimeoirí an stór focal go léir agus cuid den ghramadach atá ann a thuiscint;
- ag labhairt faoi do chúlra agus faoi do cheantar;
- stór focal ag baint le háiseanna agus ceantar

Ábhar

Na bileoga seo: 'Paróiste idir dhá abhainn'; 'D'áit chónaithe: ceistneoir'; 'Áiseanna agus ceantar'

1. Réamhchaint

Mínigh do na foghlaimeoirí céard go díreach a bheidh ar siúl sa rang seo.

2. Paróiste idir dhá abhainn

(a) Scaip an bhileog dar teideal 'Paróiste idir dhá abhainn' ar na foghlaimeoirí. Léigh an réamhrá ag barr na bileoige ar dtús le déanamh cinnte go dtuigfidh gach duine cad a bheidh le déanamh acu. Roinn an rang ina phéirí ansin agus cuir i mbun oibre iad. Abair leo go mbeidh suas le deich nóiméad acu leis an phíosa a léamh.

(b) Tabhair an dara leathanach dóibh ansin ar a bhfuil an cleachtadh. Tabhair 7-10 nóiméad dóibh leis an obair seo a dhéanamh.

(c) Sula léann sibh an t-alt le chéile, déan an cleachtadh leis an rang.

located ..... suite
slate roof ..... ceann slinne
two main shops ..... dhá **ph**ríomh**sh**iopa
not to mention ..... gan trácht ar
the bosses/supervisors ..... saoistí
technicians ..... teicneoirí
actors ..... aisteoirí
administrators ..... riarthóirí
full employment ..... lán**fh**ostaíocht
as a language of communication .. mar **th**eanga chumarsáide

(d) Léigh an t-alt iomlán ansin agus ceistigh iad faoi bhrí focal agus faoi chuid den ghramadach de réir mar atá tú á léamh. Déan cinnte gur iadsan a chuirfidh na freagraí ar fáil seachas tusa.

3. Ag labhairt faoi do chúlra agus faoi do cheantar

(a) Scaip an bhileog 'D'áit chónaithe: ceistneoir' ar an rang. Mínigh do na foghlaimeoirí céard go díreach a bheidh le déanamh acu. Léigh trí na ráitis go léir ansin le déanamh cinnte go dtuigfidh siad iad. Pléigh na focail is deacra leo:

coireacht ..... crime
creachadóireacht ..... vandalism
spraoithiomáint ..... joy-riding

Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimeoirí le huimhir a roghnú os comhair gach ráitis, ansin cuir gach beirt ag caint le chéile. Abair leo go mbeidh ceathrú uaire acu leis na ráitis a phlé. (Tabhair níos mó ama dóibh, áfach, má bhíonn ag éirí go maith leis an ghníomhaíocht.)

N.B. Tá sé tábhachtach gan daoine a bhfuil aithne acu ar a chéile nó daoine as an cheantar céanna a bheith ag caint lena chéile. Bog daoine más gá, mar sin.

(b) Ag deireadh na gníomhaíochta, cuir ceist ar an rang cad iad na deacrachtaí a bhí acu ó thaobh gramadaí, foghraíochta nó stór focal de.

Ceartaigh earráidí ar bith a chuala tú i rith na gníomhaíochta.

Cuir ceist ar chúpla duine cén t-eolas a fuair siad ón duine in aice leo.

Seo cuid de na rudaí arbh fhiú aird a tharraingt orthu:

- Cuir béim arís ar dúchas v dúchais:

  'cainteoir dúchais' ach 'as Luimneach ó dhúchas mé'
- Rugadh agus tógadh i **gC**orcaigh mé.
- Rugadh agus tógadh i mBaile Átha Cliath **é/í**.
- 'aithne': bíonn aithne agat ar dhuine ach ní bhíonn ar áit i gcanúint Chonnacht agus Uladh. Tá sé ceart go leor aithne a úsáid i gcás áite má tá canúint na Mumhan agat.
- Tá mé i mo chónaí v Cónaím

  Tá mé i mo chónaí i mBéal Feirste.

  Cónaím sa bhaile i gcónaí le linn laethanta saoire an tsamhraidh.
- Braithim míshuaimhneach ansin.

  Mínigh dóibh go bhfuil sé níos fearr 'míshuaimhneach' a úsáid sa chomhthéacs seo ná 'míchompordach' (a thagraíonn do rud fisiciúil).

4. Stór focal

(a) Tabhair cóip den bhileog 'Áiseanna agus ceantar' do gach duine sa rang. Iarr ar gach beirt a bheith ag obair le chéile. Tabhair suas le seacht nóiméad dóibh leis an ghníomhaíocht a dhéanamh.

(b) Pléigh na bearnaí leis an rang go léir ansin.

Freagraí:

1. pictiúrlann
2. bruachbhaile
3. ionad siopadóireachta
4. teach níocháin
5. ollmhargadh
6. dánlann nó gailearaí
7. caife idirlín
8. faoin tuath
9. tithe tábhairne
10. siopa nuachtán
11. iarsmalann nó músaem
12. siopa físeán

Nóta: Is féidir na focail atá le scríobh sna bearnaí (1-12 thuas) a scríobh ar an chlár dubh/geal chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh níos éasca, má cheapann tú go mbeidh deacrachtaí ag na foghlaimeoirí léi.

5. Obair bhaile

Iarr ar na foghlaimeoirí aiste a scríobh faoina gcúlra agus faoin cheantar a bhfuil siad ina gcónaí ann anois.

“Paróiste idir dhá abhainn”

Léigh féin agus an duine in aice leat an sliocht seo as alt faoi cheantar Chois Fharraige i gConamara le Brian Ó Baoill (*Beo!*, Lúnasa 2001). Déanaigí iarracht brí na bhfocal agus na bhfrásaí deacra a thomhas ón gcomhthéacs.

Paróiste idir dhá abhainn

Nuair a labhrann muid faoi Chois Fharraige, is é atá i gceist, an paróiste atá suite idir Abhainn an Spidéil agus Abhainn Chrumlainn ar chósta Chuan na Gaillimhe.

Thart ar scór bliain ó shin bhí cónaí i mbeagán de na tithe ceann tuí traidisiúnta ach, seachas an corrtheach feirme dhá stór le ceann slinne, is tithe nua aon stór ar fad, nach mór, atá anois ann.

Is Gaeltacht é an ceantar seo ach is Gaeltacht é atá athraithe go mór le cúig bliana is fiche anuas.

Maidir le gnó, tá dhá phríomhshiopa sa pharóiste, Siopa an Phobail agus Siopa Conroy. Is trí Ghaeilge ar fad a reáchtáiltear iad - bíonn Gaeilge ag na cúntóirí agus ar na comharthaí agus bíonn na nuachtáin agus irisí Gaeilge ar fáil iontu go rialta. Tá dhá theach tábhairne ann, Tigh Chualáin agus An Poitín Stil, agus is í an Ghaeilge atá le fáil iontu. Mar sin, tá an teanga fíorláidir i measc lucht gnó.

Tá fostaíocht ar fáil sna háiteanna thuasluaite, ar ndóigh, agus sna monarchana ar an dá eastát, gan trácht ar na daoine a thaistealaíonn amach as an bparóiste. Bíonn sé deacair staid na Gaeilge taobh istigh de mhonarcha a mheas. Athraíonn sí. Braitheann sí ar dhearcadh na bainistíochta, ar líon na gcainteoirí Gaeilge, ar na saoistí. D’fhéadfadh duine a bheith in amhras uaireanta. Ach gan na monarchana, cá mbeadh na daoine?

Tá líon áirithe daoine as an bparóiste ag obair le Raidió na Gaeltachta, le TG4, le Cló Iar-Chonnachta agus leis na comhlachtaí léiriúcháin teilifíse ar nós Telegael agus Eo Teilifís, mar theicneoirí, léiritheoirí, aisteoirí, scríbhneoirí, eagarthóirí nó riarthóirí. B’fhíor a rá go bhfuil réabhlóid tar éis tarlúint ó thaobh na fostaíochta. Tá deis ag daoine le hoideachas tríú leibhéal post a fháil go háitiúil, rud nach raibh fíor roimhe seo.

Tá méadú mór tagtha ar an bpobal – tá dhá eastát tionsclaíoch ann agus fostaíocht iomlán ar fáil, tá na scoileanna agus na siopaí méadaithe, tá feabhas ar na bóithre. Is dóigh go bhféadaí a rá go bhfuil éirithe go hiontach leis an bpobal, le cúnamh institiúidí an stáit, an áit a chur chun cinn.

Tá dhá scoil sa bparóiste: Scoil Shailearna agus an mheánscoil, Coláiste Cholmcille. Tá traidisiún fada fiúntach ó thaobh na Gaeilge ag Scoil Shailearna. Tá thart ar dhá mhúinteoir déag inti agus is í an Ghaeilge teanga na scoile; múintear chuile ábhar trí Ghaeilge agus úsáidtear í mar theanga chumarsáide.

Cleachtadh

Déan féin agus an duine in aice leat iarracht leagan Gaeilge na bhfocal seo (atá le fáil san alt thuas) a scríobh síos gan féachaint siar ar an alt.

1. **located** .....
2. **slate roof** .....
3. **two main shops** .....
4. **not to mention** .....
5. **the bosses/supervisors** .....
6. **technicians** .....
7. **actors** .....
8. **administrators** .....
9. **full employment** .....
10. **as a language of communication** .....

D'áit chónaithe: ceistneoir

A Léigh na ráitis thíos, ansin cuir ciorcal timpeall ar cheann amháin de na huimhreacha atá os comhair gach abairte. Sula dtosaíonn tú, féach ar an eochair.

Eochair

5 = Aontaím amach is amach leis an ráiteas seo.
4 = Aontaím den chuid is mó leis an ráiteas seo.
3 = Tá mé idir dhá chomhairle.
2 = Easaontaím den chuid is mó leis an ráiteas seo.
1 = Easaontaím amach is amach leis an ráiteas seo.

1. Tá áiseanna maithe sa cheantar a bhfuil mé i mo chónaí ann faoi láthair.	**5 4 3 2 1**
2. Tá sé furasta (éasca) go leor aithne a chur ar dhaoine sa cheantar.	**5 4 3 2 1**
3. Tá spiorad maith i measc an phobail; bíonn daoine i gcónaí breá sásta cuidiú (cabhair/cúnamh) a thabhairt dá chéile.	**5 4 3 2 1**
4. Tá roinnt mhaith fadhbanna sóisialta sa cheantar (mar shampla, coireacht, creachadóireacht, drugaí, spraoithiomáint).	**5 4 3 2 1**
5. Braithim sábháilte sa cheantar san oíche.	**5 4 3 2 1**
6. Is ceantar maith é le páistí a thógáil ann.	**5 4 3 2 1**
7. Bíonn roinnt mhaith imeachtaí ar siúl san áit i gcónaí.	**5 4 3 2 1**
8. Ba mhaith liom an chuid eile de mo shaol a chaitheamh i mo chónaí ansin.	**5 4 3 2 1**

B Pléigh an dá cheist seo anois leis an duine céanna:

1. **Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le bheith i do chónaí i gceantar ciúin tuaithe (in Éirinn, abair) ar bhonn fadtéarmach?**

2. **An mbíonn íomhá ró-rómánsúil in intinn daoine de cheantar mar seo, dar leat?**

Áiseanna agus ceantar

Scríobh an focal cuí i ngach ceann de na bearnaí seo thíos.

1. **Téann tú anseo le féachaint ar scannáin:** .....
2. **Baile atá ar imeall na cathrach:** .....
3. **Bíonn a lán siopaí faoi dhíon amháin san áit seo:** .....
4. **Téann tú anseo chun do chuid éadaí a ní:** .....
5. **Bíonn rogha leathan earraí ar díol anseo:** .....
6. **Bíonn taispeántais ealaíne ar siúl san áit seo:** .....
7. **Is féidir teachtaireachtaí ríomhphoist a sheoladh ón áit seo:** .....
8. **Áit nach bhfuil sa chathair, tá sé…** .....
9. **Óltar deochanna meisciúla sna háiteanna seo:** .....
10. **Bíonn irisí agus nuachtáin ar díol sa siopa seo:** .....
11. **Bíonn iarsmaí ó aoiseanna eile le feiceáil san áit seo:** .....
12. **Is féidir scannáin a fháil ar cíos san áit seo:** .....

Cóipeáil ceadaithe